

SAOIRSE

Uimhir 1

Lúnasa 1983


Luach 80p (65p airgead Sasanach)



**Tiocfaidh
ár lá**

ISTIGH

**Agallamh
eisiach le
Óglaigh na hÉireann**



Ar stailc ocrais — tógtha ó dhialann Bobby Sands

mhúscaill mé leis na gealbháin ar maidin agus an t-aon smaointe amháin i mo cheann — seo chugat lá eile a Roibeard. Cuireann é sin amhrán a scríobh mé; bhfad ó shin i ndúil domsa.

Seo é cibé ar bith.

'D'éirigh mé ar maidin mar a tháinig an coimheádóir,

'Bhuail sé mo dhoras go trom's gan labhairt.

'Dhearc mé ar na ballaí, 'S shíl mé nach raibh mé beo,

'Tchítear nach n-imeoidh an t-iffrean seo go deo.

'D'oscail an doras 's níor druideadh é go ciúin,

'Ach ba chuma ar bith mar nach raibheamar inar suan.

'Chuala mé éan 's ní fhaca mé geal an lae,

'Is mian mór liom go raibh mé go doimhin faoi,

'Cá bhfuil mo smaointí ar laethe a chuaigh romhainn,

'S cá bhfuil an tsaol a smaoin mé abhí sa domhain,

'Ní chluintear mo bhéic 's ní fheictear mar a rith mo dheor,

'Nuair a thigean ar lá aithíocfaidh mé iad go mór.'

Canaim é sin leis an phort 'Siun Ní Dhuibhir'.

Bhí na héiníní ag ceiliúracht inniu. Chaith ceann de na buachaillí arán amach as an fhuinneog, ar a laghad bhí duine éigin ag ithe. Uaigneach abhí me ar feadh tamaill ar tráth-nóna beag inniu ag éisteacht leis na préacháin ag screadaíl agus ag teacht abhaile daobtha. Dá gcluinnfinn an fhuiseog álainn, brisfeadh sí mo chroí.

Anois mar a scríobhaim tá an corrcrothar ag caoineadh mar a theann siad tharam. Is maith liom na héiníní.

Bhuelcaithfidh mé a dul mar má scríobhaim níos mó ar na héiníní seo beidh mo dheora ag rith 's rachaidh mo smaointí ar ais chuig, an t-am nuair abhí mé i mo ógánach b'iad na laennta agus iad imithe go deo anois, ach thaitin siad liom agus ar a laghad ní dearmad déanta agam orthu, tá siad i mo chroí — oíche mhaith anois.



CLÁR

CÚRSAÍ REATHA

Tiocfaidh ár lá agallamh le Oglagh na hÉireann	4
Maraíonn siad páistí — cás Brian Stewart — cur síos ar throid mháthair Brian	7
Saol an — éiginnte — alt bunaithe ar agallamh le Caitlín Uí Aodha	9
Iad Féin — an namhaid is mó — dearcadh chime chogaidh ar ghníomhartha na hEaglaise Caitlicí	11
Meiriceá Láir — croí na réabhlóide — cur síos ar na réabhlóidí i Grenada agus i Nicearagua	12
Scanall na Logainmneacha — Truailliú na logainmneacha ag údarais na sé chontae fíchead	14
Roinn an Chultúir — plé ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo ag an Roinn seo de chuid Shinn Féin	15
Féiliréad d'Imeachtaí Gaelacha — liosta des na himeachtaí maraon le griangrafanna ó Thaispeántas Ealaíne an Oireachtais	16

CÚRSAÍ STAIRE

Sléacht Dhroim Both alt ar na mairtfrígh a maraíodh ag Droim Both	18
--	----

CARTUN

LÉIRMHEAS


Cogadh na Saoirse i gConamara Léirmheas ar "An Leacht Nár Togadh" le Séamus Ó Conghaile	20
--	----

FILÍOCHT

Maraíodh Seán Sabhat Aréir	21
----------------------------	----

AMHRÁIN

Óró 'sé do bheatha 'bhaile An trucailín donn	22
---	----



● Uaigh Aedín le Frank Lokko, saothar in acraílíc ó Thaispeántas Ealaíne an Oireachtais

EAGARFHOCAL

Fáilte
romhaibh

FEARADH na fáilte romhaibh a léitheoirí go dtí leathanaigh Saoirse, iris Ghaeilge Shinn Féin a bhéas á fhoilsiú gach ráithe. Ná bíodh leisc oraibh bhúr dtuairimí, bhúr gcomhairle agus go háirithe bhúr dtacaíocht a thairiscint dúinn sna laethe atá romhainn.

Le ró-fhada tá faillí déanta ag Gluaiseacht na Poblachta i gcur chun cinn na Gaeilge. Fágadh daoine agus grúpaí eile, agus Poblachtánaigh ina measc, le hidéal uasal na hathbheochana a thabhairt i gcrích. Tá súil againn go bhfuil deireadh leis an ré sin agus anois go mbeidh Sinn Féin ar thús cadhnaíochta sa troid chultúrtha. Ba mhór an inspioráid a fuair Poblachtánaigh agus Gaelgeoirí i gcoitinne ón dul chun cinn iontach a rinne Címí Cogaidh Poblachtánacha sna príosúin, go háirithe i mBlocanna na Ceise Fada.

Caithfidh Saoirse Chultúrtha a bheith ar aon dul le Saoirse Pholaitíochta agus Saoirse Eacnamaíochta. Ní bhainfear. Saoirse gan an tImpiriúlachas a chloí — gach saghas impiriúlachais. Is cinnte nach dtiocfaidh Lá na Saoirse muria gcuireann Gaeil cogadh ar Rialtas na Sasana ach is cinnte fosta gur ghá go ndéanfaí obair dhícheallach dhíograiseach pholaitiúil ar fud na 32 Chondae.

Caithfidh Sinn Féin guth a thabhairt d'éilimh Ghaelgeoirí, bíodh siad sna 6 chondae ná sna 26 chondae.

Sna Sé Chondae ní aithníonn an rialtas gur ann don Ghaeilge mar theanga phobail. Ní chraoltar cláracha Gaeilge ar an teilifís, nó ar an raidió ach sa bheag; cosctar Gaelú na sráidainmneacha; séantar an ceart atá ag duine oideachas iomlán Gaeilge a fháil. D'ainneoin sin uilig tá obair na Gaeilge go háirithe sna cathracha ag dul chun tosaigh gan stad. Mar shampla de seo tá 24 rang Gaeilge ag Sinn Féin in Iarthar Bhéal Feirste.

Sna 26 chondae tá neamart á dhéanamh sa Ghaeilge ag rialtas seo na seoiníní. Is beag Gaeilge atá le feiceáil ar RTE — gan fiú i gcomórtas leis an Bhreatain Bheag agus le hAlbain. Tá áit na Gaeilge sa chóras oideachas mí-shásúil agus tá meath na Gaeltachta ag dul ar aghaidh ar fad. Níl an dea-thoil nó an dea-rún ag an rialtas le cearta a thabhairt do phobal na Gaeilge. Leoga, tá fógraithe ag Conradh na Gaeilge go bhfuil géarchéim na Gaeilge buailte linn.

Caithfidh Sinn Féin na héilimh Chultúrtha a ghlacadh chucu féin agus áit na Gaeilge sa troid náisiúnta a dheimhniú.

Ní fiú an chraobh gan an bláth nó mar dúirt an Piarasach: "Dá gcaillfí an Ghaeilge, chaillfí Éire."

Bímís ag teannadh le hobair phráinneach na hathbheochana.

Seol litreacha chuig an t-eagarthóir ag Saoirse,
44 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1



Tiocfaidh ár lá

—ÓGLAIGH NA hÉIREANN

CUIREADH an t-agallamh seo ar dhá oifigeach de chuid Óglaigh na hÉireann a bhí údaráithe ag an arm labhairt ar a son.

Cén dearcadh atá agaibh ar an vóta a ghnóthaigh Sinn Féin sa toghchán do Phárlaimint Westminster?

Thug an vóta sin ardú misnigh do Ghluaiseacht na Poblachta ar fad. Tá áthas orainn gur éirigh le Sinn Féin an líon vótaí a bhí mar targaid acu a shárú. Ach ní fhéachaimid air mar shainórdú dúinne Óglaigh na hÉireann, an cogadh a throid. Ní as na vótaí a thagann an ceart sin, tagann an ceart sin as seilbh ár dtíre ag fórsaí na Breataine. Tugann na vótaí sin sainórdú do Shinn Féin a bpolasaithe a leanúint.

An dóigh libh gur féidir le Sinn Féin an vóta a mhéidiú níos mó fós?

Cinnté. Tá tacaíocht Shinn Féin ag méidiú an tam ar fad agus leanfaidh méidiú toisc go bhfuil an óige náisiúnach go mór i dtacaíocht le Sinn Féin.

Anois, ó tá ag éirí chomh maith sin le Sinn Féin an mbeidh an choimhlint armtha ag leibhéal níos ísle?

Ní bheidh. 'Sé poblachtánachais na láimhe láidre an príomh bealach in éadan Riail Shasana in Éirinn. Cé go nglacfaidh Gluaiseacht na Poblachta páirt in achan saghas gníomhaíochta polaitiúla ní thárlóidh seo tré faillí a dhéanamh sa choimhlint armtha.

Maidir leis an choimhlint armtha agus feachtais toghchánaíochta an dóigh libh an dtagann siad contrártha ar a chéile?

Bhuel is fíor nach bhfuil gach gníomh míleata chun toil an phobail. Sin mar a bhíonn sé nuair a bhíonn cogadh ar siúl. Díreach roimh toghchán Westminster maraíodh bean tré thaisme i nDoire agus

deineadh roinnt damáiste do thithe in ionsaí ar Bheairic Bhaile Andarsain. Caithfidh an ghníomhaíocht pholaitiúil agus an choimhlint armtha oibriú as láimh a chéile. Aithníonn gluaiseachtaí réabhlóideacha ar fud an domhain go gcaithfidh an choimhlint a bheith á bhrú ar an dá leibhéal sin.

Bhí Óglaigh na hÉireann an — ghníomhach ag leibhéal míleata i rith an fheachtais toghchánaíochta do Phárlaimint Westminster, ní hionann agus an tréimhse roimh an toghchán don Tionól anuraidh. An raibh athrú polasaí?

Ní ar toghcháin atá luas an chogaidh ag brath. Bíonn taoide agus tuile an chogaidh ag brath ar go leor cúiseanna. Ach, troideann Óglaigh na hÉireann nuair a oireann sin dóibh agus ní bhíonn cúrsaí toghchánaíochta i geist.

An féidir libh leanúint leis an leibhéal seo de ghníomhartha in éadan fórsaí na Breataine?

Táimid i gcónaí ag iarraidh leibhéal

agus caighdeán ár ngníomhartha míleata a ardú.

An bhfuil sé i gceist leanúint le hionsaithe i gcoinne baill an UDR agus an RUC nuair nach bhfuil siad ar dualgas?

Leagadh síos ag Coinbhinsean na Ginéibhe rialacha chogaidh. Níl tagairt ar bith ansin do shaighdiúirí nuair nach bhfuil siad ar dualgas. Tá siad ag glacadh páirt sa chogadh agus sin sin. Bíonn na daoine a luaigh tú armtha i gcónaí agus caitheann siad cathéide cosanta an t-am ar fad. Dála an scéil, ní chloistear faic faoi óglaigh a mharaftear, a ghabhtar agus araile nuair nach bhfuil siad ar dualgas.

Bhí tuairimíocht sa doiciméad rúnda de chuid Arm na Breataine a d'fhoilsigh sibh go dtiocfadh libh teacht ar airm nua. An bhfuil éirthe libh a leithéid d'fháil?

Ní féidir liom freagra díreach a thabhairt ar sin, ach táimid sa mhargadh d'airm nua an t-am ar fad. Le déanaí gabhadh poblachtánaigh sna Stáit Aontaithe agus iad ag iarraidh diúrcaínn Redeye a cheannach.

An bhfuil sé i gceist agaibh leanúint ar aghaidh le gníomhartha míleata i Sasana agus ar Mhór Roinn na hEorpa?

A fhad is a fhanann Arm na Breataine sa tír seo beidh gníomhartha míleata sa Bhreatain. Tá sé ráite againn go ndéanfaimid na Briotanaigh a ionsaí uair ar bith go mbíonn caoi againn chuige. Cheana féin dheineamar iad a ionsaí ar fud na hEorpa, ina measc a gcuid lárionaid sa Ghearmáin. Leanfar leis seo de réir mar a faightear deis chuige.

Cén dearcadh atá agaibh ar Mhaggie Thatcher a bheith thar n-ais i gcumhacht?

Is cuma cé atá i gcumhacht i Westminster. Nuair a bhí an Páirtí Oibreachais i gcumhacht an uair dheireannach bhí Roy Mason mar Rúnaí Stáit acu. Faoina aireachas úsáideadh céasadh go forleathan, agus deineadh leatrom ar náisiunaigh agus níos tháinig feabhas ar bith ar staid na náisiúnaithe. Is iad Thatcher agus Foot tweedledum agus tweedledee ó thaobh polasaithe i leith na hÉireann. Tá an chumhacht ag Thatcher aistarraingt as an tír seo.

Cad é bhúr seasamh maidir le gníomhaíocht míleata sna sé chontae fíchead?

Toirmeascann Bunreacht Óglaigh na hÉireann gníomhaíocht míleata sna sé chontae fíchead. Bíonn na polaiteoirí ag iarraidh eagla a scaipeadh i measc an phobail. Is amhlaigh go bhfuil eagla ar na polaiteoirí sin mar tuigean siad go mbeidh an lá le Sinn Féin. Níl aon ghá le gníomhaíocht míleata sna sé chontae fíchead.

Tuairiscítear an-chuid robálaithe a



bheith déanta ag Óglaigh na hÉireann sna sé chontae fíchead.

Is annamh a deineadh gníomhartha den tsaghas sin agus is maith is eol sin dos na póilíní de chuid na Craoibhe Speisialta. Ach ar mhaithe leo féin cuir-eann na polaiteoirí agus na póilíní an milleán orainne.

I gcomhthéacs na sé chontae fíchead ar mhaith libh go ndéanfaí neamhláith-

reachas Shinn Féin a phlé?

Toirmeascann Bunreacht Shinn Féin plé ar an gceist seo. Is féidir linn torthaí an neamhláithreachais a phlé ach ní hé neamhláithreachas is cúis le laige Shinn Féin i gceanntracha éagsúla. 'Sé is cúis le sin ná an easpa eagraíochta agus na laigí eagraíochta. Chomh maith le sin níl bealach structúrtha oibrithe amach do fadhbanna an lucht oibre.

D'fhógair sibh le déanaí go raibh athmhacnamh á dhéanamh agaibh maidir leis an polasaí i leith coirpigh, mar atá lámhach sa ghlúin agus araile?

Níl mian ar bith ag Óglaigh na hÉireann, arm eadarnaíoch réablóideach a bheith sáite sna cúrsaí seo. Níl aon fhonn orainn feidhmiú mar fhórsa póilíní ag glanadh suas na fadhbanna atá cruthaithe ag impiriúlachas na Breataine. Bhí orainn dul i ngleic leis an bhfadhb seo de bharr brú ón bpobal náisiúnach.

Le déanaí tá an Ghluaiseacht i mBéal Feirste ag iarraidh comhrá a chur ar bun le mionchiontóirí. Táimid ag iarraidh iad a threorú ós na gníomhartha in aghaidh an phobail a bhí á chleachtadh acu. Tá súil againn go n-éireoidh linn sa mhéid sin. Ach tá an fhadhb seo ag brath lena réiteach ar ghníomhaíocht ón bpobal fré chéile.

Chomh maith leis na mionchiontóirí seo tá dreamanna eile ag luí go trom ar an bpobal náisiúnach. Gasraí frith réabhlóideacha is ea iad seo atá eagraithe ag fórsaí na Breataine agus atá faoina treoir. Ní fheicimid go bhfuil aon difir eatartha agus a máistrí agus is ar an mbonn sin bheimid ag deighleáil leo.

Le déanaí d'ionsaigh gasra acu na daoine a bhí bailithe i gcumann shóisialta agus bhí go leor san óspidéal ina ndiadh. Bhí an gasra sin armtha le gunnaí gráin. Tréatúirí is ea iad atá ann chun a chur isteach ar an bpobal.

Is fiú a chur san áireamh go bhfuil i bhfad níos mó coireanna ag tárlú sna ceantacha atá faoi lán smacht an RUC ná mar atá sna ceantacha náisiúnacha.

Cad é bhúr ndearcadh ar fhadhb na ndrugaí?

Bhuel, níl aon mhór-fhadhb sna sé chontae. Tá fadhb ollmhor i mBaile Átha Cliath. Ní féidir le hÓglaigh na hÉireann an fhadhb sin a réiteach. 'Sí an t-aon slí chun an fhadhb a réiteach ná fáth na faidhbe a ionsaí, mar atá bochtaineacht, droch-thithíocht agus easpa dóchais.

Is de bharr nádúr lofa an stáit sna sé chontae fichead atá cúrsaí chomh holc is atá. Tá an rialtas truaillithe go smior na gcnámh and tá ámharaigh á bhrú chun cinn an t-am ar fad.

Cad é an staid sna príosúin faoi láthair?

Tá cúrsaí i bPríosún Ard Mhacha mar ábhar imní do Ghluaiseacht na Poblachta ar fad. Tá feachtas ar bun ag an gobharnóir Murdock na príosúnaigh a chiapadh chun iad a bhriseadh. Tá na heaglaisigh agus na polaiteoirí íocta ina dtost agus níl faic á dhéanamh acu.

Tá cúrsaí i bPríosún na sé chontae ar bior a fhad is nach bhfuil dealú géillte dos na príosúnaigh.



An bhfuil comhoibriú idir Phoblachtaí agus Dlíseoirí sa bhfeachtas chun dealú d'fháil?

Níl. Tá an-chuid easaontas idir an dá dhream mar gheall ar an staid mar atá sé.

Le tamall anois tá an RUC ag úsáid brathadóirí in éadan Ghluaiseacht na Poblachta. An bhfuil ag éirí leo?

Tá na brathadóirí seo ag bagairt ar an bpobal náisiúnach ar fad. Is féidir leo duine ar bith a ainmniú agus a chur i bpríosún. Tá na Briotanaigh ag tabhairt liostaí ainmneacha dóibh.

Ach teipfidh ar an mbeartaíocht seo díreach mar a theip ar na straitéis eile a d'úsáid na Briotanaigh cheana. D'úsáid siad imtheoranú, géibheann, cúirteanna éagóracha, bréaga, céasadh, na Blocanna H agus araile agus theip ar na polasaithe sin go léir sinn a bhriseadh. Ní éireoidh leis an bpolasáí seo ach oiread.

Go dtí seo tharraing furmhór na brathadóirí siar sula ndeachaigh siad isteach sa chúirt. Ach tá na mílte punt a thairiscint ag an RUC. Agus i gcás Raymond Gilmour d'inis a bhean an chaoi a choimeádtar sona sásta é tré deochanna agus airgead gealltóireachta a thabhairt dó.

I gcás Chris Black tá léirithe go soiléir go bhfuil bréaga á insint aige. Tá sé traenáilte ag an RUC chun fianaise a thabhairt chun a mhéid daoine agus is féidir a chur i bpríosún.

Ach leanfaidh na Briotanaigh leis an statéis seo mar nach bhfuil a mhalairt fágtha acu. Striapach is ea an dlí acu agus ar ndóigh seasann na cúirteanna éagóracha leis an striapachas sin. Ní sheasfadh fiú, cúirteanna Shasana leis an bhfianaise sin.

I rith na bliana seo caite mharaigh fórsaí na Breataine go leor daoine nach raibh armtha. An polasaí nua é seo?

Tá an polasaí sin, daoine a bhású, poblachtaigh ach go háirithe ar siúl le blianta agus is dóigh linn go leanfaidh an polasaí sin. Ach ní éireoidh leo sinn a scanrú. Fanaimid cinnte go mbeidh an bua againn.

Ó thaobh na Gaeilge de, cad í a háit siúd i saol an náisiúin?

'Sí an Ghaeilge an somhaoín cultúrtha is mó atá againn. Tá sé mar cheangal orainn an Ghaeilge a athbheochaint mar phríomhtheanga labhartha mhuintir na hÉireann. Tá dearcadh Sheáin Bhuí le sonrú ar ghníomhartha rialtas Bhaile Átha Cliath i leith na Gaeilge. Ní leor atá á dhéanamh acu agus is soiléir go gcaithfear níos mó airgid a chur ar fáil.

Cathain an dóigh libh a thiocfaidh deireadh leis an gcogadh?

Is minic a thagann tálúint trasna ar réamhahithrisí. Brathann straitéis Ghluaiseacht na Poblachta ar na trealamh chogaidh a bhíonn againn. Bíonn taoide agus tuile i gcónaí i gcogadh eadarnaíoch. Ach is féidir a bheith cinnte faoi rud amháin. 'Sé sin beidh an bua againn. Tiocfaidh ár lá



Na mairbh

Maraíodh an triúr tosaigh ar an liosta seo le piléir ruibéir agus na daoine eile le piléir phlaisteacha

FRANCIS ROWNTREE (11½)
23 Aibreán 1972

TOBIAS MOLLOY (18)
16 Iúil 1972

THOMAS FRIEL (21)
22 Bealtaine 1973

STEPHEN GEDDIS (10)
30 Lúnasa 1975

BRIAN STEWART (13)
16 Deireadh Fomhair 1976

MICHAEL DONNELLY (10)
10 Lúnasa 1980

PAUL WHITTERS (15)
25 Aibreán 1981

JULIE LIVINGSTONE (14)
13 Bealtaine 1981

CAROL ANN KELLY (12)
22 Bealtaine 1981

HENRY DUFFY (45)
22 Bealtaine 1981

NORA McCABE (30)
9 Meitheamh 1981

PETER DOHERTY (40)
31 Meitheamh 1981

PETER MAGENNIS (41)
9 Lúnasa 1981

STEPHEN McCONOMY (11)
16 Aibreán 1982

Maraíonn siad páistí —cás Brian Stewart

LE PEADAR Ó MAOILEOIN

BEIDH máthair Brian Stewart gasúr 13 bliana as Béal Feirste a maraíodh le piléir plaisteach i 1976, ag tabhairt na Breataine ós comhair Coimisiún na hEorpa Um Cearta Daonna mar iarracht le cosc iomlán a fháil curtha ar na piléir phlaisteacha.

Tá Kathleen Stewart ag coimhlint ar son cirt dá mac ó dúnmharaíodh é sé go leith bliain ó shin ach, d'ainneoin poiblíocht idirnáisiúnta ba bheag toradh a fuair sí ar a cuid oibre. I 1981 bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí 'Silent Too Long', eagrais le staid gaolta "na mairbh dhearmadta" — daoine a maraíodh ag

dílseoirí agus fórsaí na Sasana — a phoiblíú.

"Níor ghéill mé órlach riamh sa troid seo nó ba mhaith liom go mbeadh fhios ag an domhan mhór gur cuireadh mo mhac chun bháis ag fir armtha ar féidir leo go fóill teacht isteach i gceantar ar bith agus páistí a dhúnmharú," arsa

Kathleen Stewart le 'SAOIRSE'.

Fuair Brian Stewart bás nuair a buaileadh ar an chloigeann le piléar plaisteach é i nGort na Móna, Béal Feirste Thiar, ar 10 Deireadh Fomhair 1976. D'fhág Brian a theach cónaí ar 6.15pm le dul chuig siopa, Ar 6.18pm bhí sé ina luí gan stuaim, gan urlabhra. Bhí sé le bás a fháil sé lá i ndiaidh an ionsaithe.

Ón uair a scaoileadh Brian rinne na húdaráis a ndícheall fírinne an eachtra a cheilt agus dallamullóg a chur ar an phobal.

Ar an chúigiú lá de Dheireadh Fomhair chuir an BBC agallamh ar Major Tom Sewell a bhí ina oifigeach ceannais ar an bhuíon saighdiúirí a chaith Brian. San agallamh dúirt sé go raibh iomrá ar Brian Stewart mar 'chaitheadóir cloch' agus go raibh sé ag gríosú drong 400 stócach a bhí ag ionsaí na saighdiúirí.

THACAIGH an Stát Rúnaí, Roy Mason agus ceann feadhna Arm na Breataine, Sir David House, le ráiteas Sewell. I gcomhráiteas a d'eisigh an bheirt mhaigh siad go ndéanfaí "fíós-rúchán domhan-dúthrachtach" am ar bith a dhéanfadh lucht an airm "mean-cóg". Níor chuir siad lena bhfocal áfach agus b'éigean do mháthair Bhrian fanacht 15 mhí sula raibh fíós-rúchán cúirte ann.



Ag an fhiosrúchán i Mí na Nollag 1977 d'athraigh Major Sewell a phort. D'inis Sewell don chúirt nárbh é Brian an targaí don philéar plaisteach ar chor ar bith ach go raibh an saighdiúir a scaoil an t-urchar marfach ag iarraidh ceannaire na droinge, a bhí taobh le Brian, a aimsiú.

Chualthas fiannaise ó ochtar duine ag an fhiosrúchán nach raibh trioblóid ar bith sa cheantar nuair a maraíodh Brian.

D'ainneoin a gcuid fiannaise, áfach, agus d'ainneoin na n-athruithe i scéal Sewell, rialaigh an Chúirt narbh fhéidir cúis choiriúil a chur in aghaidh an tsaighdiúra a bhí freagrach as an mharú.

Ghlac Kathleen Stewart cás pearsanta ansin in éadan Aireacht Cosanta na Sasana ag éileamh damáiste orthu as marú a mic. Ba é aidhm Kathleen éagóir agus caimiléireacht an Rialtais i dtaobh an cháis a léiriú ar an dóigh seo.

EISTEADH an cás i 1979 ach an iarraidh seo níor nocht Major Sewell. Ina áit sin tháinig an saighdiúir a mharraigh Brian, Corporal Smythe, le fiannaise a thabhairt. Mhaigh sé go raibh sé féin agus a chomrádaithe faoi ionsaí buan ag slua de chorrach le 150 ógánach. De réir Smythe bhí



● Kathleen Stewart atá ag lorg ceart dá mac Brian

sé ar tí scaoileadh le ceannaire lucht a ionsaí nuair a bhuail cloch a sciathán agus dá bhrí sin bhuail an piléar Brian.

Tugadh éisteacht d'fhinnéithe Kathleen Stewart sular chaith an Breitheamh amach an cás.

Ag achomharc ar an chinneadh sin i Mí an Mhárta 1981 sheas an Breitheamh Jones lena chomhalta agus arís caitheadh amach an cás in éadan na hAireachta Cosanta. Dúirt Kathleen ag an am go raibh sé cruthaithe aici "nárbh fhéidir ceart a fháil ó Rialtas na Sasana".

Agus triail bainte aici as gach slí inmheánach le ceart a bhaint amach dá mac chuir Kathleen Stewart sonrú i gCúirt na hEorpa. Ba bhua suntasach é gur ghlac an Coimisiún lena cás, atá á thabhairt aici faoi Alt a Dó de Chomhdháil na hEorpa ar Chearta Daonna, a

deir gur riachtanach, ceart an duine chun beatha a chosaint de réir dlí gach tíre.

Má éiríonn le cás Kathleen Stewart sa Chúirt Eorpach tabharfar órdú do Rialtas na Sasana úsáid na bpiléar plaisteach — a ba chúis le 14 bhás sna Sé Chontae — a stad ar fad. Anuraidh, áfach, rinne an Rialtas céanna neamhiontas glan de rún a ritheadh tríd Pharlaimint na hEorpa ag moladh go gcuirfí cosc iomlán ar philéirí phlaisteacha in achan ball-stát den C.E.E.

Ní fios mar sin cad é an tionchar a pholasáí na Sasana i dtaca le piléirí phlaisteacha a bheadh ag breith i bhfabhar Kathleen Stewart. Is dearfa ag an am céanna, gur díol náire dona Sasanaigh a bheith ós comhair na cúirte de bharr, a mírialú in Éirinn, go háirithe nuair atá beartaithe ag Parlaimint na hEorpa cúrsaí an Tuaiscirt a fhiosrú ■



Saol an-éiginnte

LE MÁIRE de BHARRA

TÁ Caitlín Uí Aodha ag iascaireacht ar an mbád 40 troigh 'INIS EALGA' ó fuair sí é i Márta 1982. Roimhe sin bhí sí ag iascaireacht lena deartháir Pádraig Ó Ceallaigh ar an 'SINÉAD'. Ó d'fhág sí an scoil tá sí ag iascaireacht amach ó Ché hEilbhic mar-aon le timpeall 25 tráiléar eile.

San agallamh seo cuireann sí síos ar na deacrachtaí go léir atá mar chonstaic roimh iascairí na tíre seo, go háirithe ó ghlacamar amach ballraíocht sa Chómhargadh, agus cuireann sí romhainn roinnt dá cuid smaointe féin faoin gceist.

"Tagann na longa cabhlaigh isteach anseo go hEilbhic agus ní dada leo tosnú ag caitheamh piléir leis na hiascairí áitiúla. Sciobann siad leo ár gcuid líonta agus déanann siad iarracht an t-aon slí bheatha atá againn a scrios. Fós níl siad sásta dul amach cúpla míle agus dúshlán a thabhairt faoi na longa móra eachtrannacha atá ag teacht isteach ag iascaireacht gairid d'ár gcóstaí agus ag déanamh slad ar ár gcuid stoc."



● Caitlín Uí Aodha

Ó ghlac Éire amach ballraíocht sa Chómhargadh (CEE) thug rialtas na 26 Chontae uatha gach ceart iascaireachta a bhain lenár n-uisce agus anois tá siad ceangailte ag gach aon saghas dlí a

choscann orthu aon ghníomh fiúntach a dhéanamh i gcoinne na n-eachtrannach.

Mar shampla in ionad an 'Irish Sea' ghlacadar leis an dtéarma an 'Celtic Sea' agus tugadh cead d'iascairí ós na bail stáit eile iascaireacht fán chóstaí na hÉireann.

Tráchtann Caitlín ar cheist na scadán. "Bíonn an scéal fíor olc anseo le linn séasúir na scadán. De réir dlí an CEE, ceadaítear dos na longa móra scadáin a bheith mar chéatadan áirithe den ngabháil iomlán. Ach an rud nach bhfuil siad sásta a admháil ná go mbeadh an céatadan sin níos mó acu san in aon lá amháin ná mar a bheadh againne b'fhéidir ar feadh míosa.

"Bhí sé ina chogadh eadrainn féin agus na húdaráis cúpla bliain ó shoin nuair a bhí iascaireacht 'mídleathach' na scadán ar siúl againn. Is obair in aisce dúinn a bheith ag iarraidh a léiriú dóibh gurb í seo an taon slí bheatha atá againn. Dár ndóigh is cuma leis na pol-aiteoirí, tá na céadta punt sa tseachtain acu san ach níl fhios againne ó lá go lá cad as a dtiocfaidh an chéad bheile eile má chuirtear stop leis an iascaireacht.

"Is do-chreidte an rud é rialtas dá leithéid a fheiscint ag cur cosc ar a

mhuintir féin agus ag scaoileadh leis na heachtrannaigh.

"Tá an teora iascaireachta atá againn i láthair na huaire gan bhrí ar fad — níl ann ach 6 mhíle agus fiú amhain é sin féin ní chosnaíonn cabhlach na tíre é. Ba mhaith linne teora 200 míle a fheiscint ach ní dócha go bhfuil seans dá laghad againn."

BHÍ an iascaireacht imithe i léig go mór i gceantar hEilbhic go dtí deich mbliain ó shin nó mar sin. Thosnaigh an dream óg sa cheantar ag cur spéise arís inti agus bhí deontaisí áirithe á dtabhairt amach ag Bord Iascaigh Mhara agus ag an CEE, ag iarraidh an tionscal a chur ar bun arís.

Nuair a d'fhág Caitlín Uí Aodha an scoil i 1977 ní raibh aon fhostaíocht le fáil aici agus thosnaigh sí ag iascaireacht ar an 'Sinéad', bád lena deartháir Pádraig Ó Ceallaigh. Bhí an-chuid cainnte ar siúl ag an am — daoine a mheas nach seasódh Caitlín an iascaireacht — rud chomh hannamh sin bé ea é bean a fheiscint ag iascaireacht. Ach ní raibh aon bhrí leis an gcaint sin mar tá Caitlín fós ag saothrú ar an bhfarraige, sé bhliain níos déanaí.

I 1980 d'éirigh léi sa scrúdú le ticéad scipéara a ghnóthu agus dhein na páipeirí náisiúnta agus áitiúla mór is fiú den scéal toisc gur bhean í, ach faoin am sin bhí glactha go hiomlán ag an gcuid eile des na hiascairí áitiúla nach raibh aon rud iontach nó aisteach faoi bhean a bheith ag iascaireacht.

I mí Márta 1982 fuair Caitlín a bád féin agus is air anois atá sí féin agus a fear céile Mícheál. Ag filleadh ar na deacrachtaí a bhaineann leis an ngairm beatha seo deir sí:

"Tharla na scliúchaisí is déanaí le linn seasúir na mbradán an samhradh seo i mí Meitheamh agus i mí Iúil. Deir an tAire Iascaigh anseo go bhfuil sé buartha faoin méid stoc atá á laghdú timpeall ár gcóstaí agus dá bhrí sin creideann sé go dtugann sin cead dó an lámh láidir a úsáid ar na hiascairí.

"Chun aon mhéid dearthúil bradán a cheapadh ní mór na líonta 'monofilament' a úsáid. Deir an rialtas go bhfuilid míleathach ach mar sin féin táid ar díol go hoscailte ar an margadh. Ní hamháin sin ach deir na hiascairí go n-aithníonn siad cuid des na líonta a athdhóltar mar cinn a thóg na longa cabhlaigh, uatha féin."

"Saol an — éiginnte ar fad is ea an iascaireacht. Tá aiséalóchtaí an — mhór le déanamh againn ar an mbád agus tá an-chuid iascairí eile ar aon dul linne. Ní mór do chuid acu ar a laghad £200 sa ló a dhéanamh chun na hiasachtaí a aisíoc.



BHÍ roinnt mhaith den lámh láidir á chur ag obair ag an gcabhlach fán an chósta go léir an samhradh seo. Ghlacadar seilbh ar roinnt mhaith líonta ó iascairí Thír Chonaill agus mar a chéile i Maigh Eo. Chaitheadar urchair le báid i gCiarraí agus bhriseadar dhá chnámh i lámh duine d'iascairí hEilbhic.

Chaill Caitlín luach £1,500 líonta nuair a ghlac báillí ón LE GRÁINNE seilbh orthu i mí Iúil na bliana seo. An lá sin dheineadar iarracht an 'INIS EALGA' a bhórdáil le cabhair Gardaí agus mairnéalaigh agus bhí bataí mór, sceana agus maidí iomra ag na báillí.

Nuair a shrois an 'INIS EALGA' hEilbhic an lá sin bhí dhá chearr lán de Ghardaí ar an gcé rompu agus baill den bhFórsa Speisialta. Thógadar ainmneacha an chriú go léir ach níor ghabhadar éinne.

"Tá roinnt mhaith againn le dul ós comhair cúirte i mí Meán Fomhair agus as sin amach toisc na heachtraí seo go léir. Measaimid go mbeidh ar chuid mhaith againn dul go dtí na bpríosúin má gheibhtear cionntach sinn mar cá bhfaighimid an t-airgead chun aon thíneáil a íoc?"

Is dócha nach bhfuil i gceist na hiascaireachta sa tír seo ach ceann eile des na contrárthachtaí ar a bhfuil an stáit seo bunaithe. Tá díolta amach acu ar an náisiúnachas, ar an dteanga agus tá na feirmeacha agus na gnónna beaga go léir á scrios.

Ní fheiceann an rialtas go bhfuil tábhacht le haon rud ach Párlaimint na hEorpa á shásamh i ngach síl, agus más gá dóibh síl beatha a cheilt ar na hiascairí chun é sin a dhéanamh, déanfaidh siad é sin.

Má leanann siad mar atáid anois is cinnte go mbeidh cúpla míle duine eile dí-fhostaithe sar i bhfad. Is dócha gur cuma leo

Iad féin -an namhaid is mó acu

LE DONNCHA MacNIALLAIS

atá ina chime chogaid sna Blocanna de chuid na Ceise Fada.

LE tamall anuas chuaigh sé go mór sa mhuileann orm. Cad chuige a d'fhiafraigh mé díom féin? Cad chuige i ndiaidh na mblianta fada seo?

Fuair mé an freagra le déanaí ón Easpag Cathal Ó Dálaigh atá anois in áit ar seancharad, Liam Philbin, agus cónaí air i gcoinníollacha a chuirfidh ar a chumas a thuiscint go rí-mhaith conas a mhaireann bochtáin an tsaoil ó lá go lá! Ábhar mo chainte ar ndóigh, cad chuige don Eaglais Chaitliceach in Éirinn bheith ag éirf-chomh láidir sin in aghaidh Ghluaiseacht na Poblachta ó aimsir na stailce ocrais anall?

Tuigtear gur mar sin riamh a bhí cúrsaí in Éirinn ó cheannaigh na Gaill an Cliallathas le bronnantas an chóras oideachais. Bíodh go raibh an Eaglais, i leith na nGall i dtólamh nach mór ó thosaigh an cogadh seo, céis moite den gnáthcháineadh a bhfuilimid cleachtaithe leis, ní raibh an Cliallathas chomh díreach sin in aghaidh na Gluaiseachta is atá siad anois. Nuair a dhearbhaigh an tAthair Ó Maolfhabhail go raibh sé de rún aige gleic Óglaigh na hÉireann a scríos, ba shoiléir é go raibh difríocht tar éis teacht ar an scéal. Ba ríshoiléir fosta é go raibh na hEaspaig taobh thiar den cheilg seo ag úsáid an tsagairt seo toisc an-mheas a bheith ag cuid den phobal air.

Cad ba chúis leis an athrú seo? Tá a fhios ag cách gur cosantóirí an chórais an Eaglais agus gur thacaigh siad cheana le heagraíochtaí frithphoblachtacha dála "The Peace People." An ea go bhfaca na hEaspaig go raibh teipthe glan ar na dreamanna éagsula sin agus, le tús mheath an SDLP, chonacthas dóibh gurbh iadsan amháin a sheas idir bhua iomlán Ghluaiseacht na Poblachta agus chosaint an status quo? Nó b'fhéidir go raibh Óglaigh na hÉireann ag éirf an-danartha, chomh danartha sin go raibh ar na hEaspaig chneasta a dtréad a shábháil ós "na diabhail chruálacha." ?



● An t-Easpag Cathal Ó Dhalaiigh

● An aon ionadh é go mbíonn ceist-eanna a chur fá dtaobh de dhearcadh na hEaglaise ar fhulaingt an phobail.

SA chéad ásc, bíodh go bhfuil líon na ndaoine a gcuireann an SDLP samhnas orthu ag dul i méid diaidh ar ndiaidh, ní hé seo an chéad uair a raibh an dream sin i gcruachás agus níor athraigh bunseasmh na hEaglaise chomh mór sin. Sa dara hásc, más fíor d'aon rud, is fíor go cinnte dearfa go

mbíonn na hÓglaigh diandheimhin nach mbíonn taismigh shibhialta á gcúiseamh acu. Thart fán am ar thosaigh an Eaglais ar cogadh a chur ar an Ghluaiseacht, tharla, mas ea, gur mhéadaigh cruálacht fórsaí na Breataine i dtaca le marú leanaí le piléir phlaisteacha agus mar sin de.

Cad é an fáth, mar sin? B'fhéidir gur ghlac óglach óg aigeanta gluaisteán an Chairdinéil? Bhuel, mar a dúirt mé ag tús an ailt seo, fuairamar an freagra tamall ó shin ón Easpag Ó Dálaigh.

Dhearbhaigh seisean gurb é an baol is mó don Eaglais Chaitliceach in Éirinn an lae inniu ná Óglaigh na hÉireann. Measann siad, mar a mheas na hEaspaig sa chéad seo chuaigh thart fá dtaobh de na Finíní gur sinn fritéis an Chaitliceachais. Ar ndóigh tá baol ann dóibhsean ón Gluaiseacht sa mhéid is go nochtann Sinn Féin fírinnteacht na n-Easpaig gan stad ná sos. Ní hé seo atá i gceist ag an Easpag Ó Dálaigh, áfach, mar go bhfuil seisean agus a mhacasamhail chomh deimhin sin dá gcráifeacht féin nach bhfeicfidís an tsail atá ina súile. Is é atá i gceist ag an Dálach ná gur baol do chreideamh an phobail Chaitlicigh gleic Óglaigh na hÉireann. Tá an ráiteas sin m'fheart ar chúpla pointe.

CIBÉ scéal é, cé gur dhoiligh a chreidbheáil, is cosúil nach ndearna an t-easpag aon mhacnamh ar an dá fhadhb is mó ós comhair na hEaglaise Caitlicí. Is iad sin ná (1). an tsibhialacht chheadaitheach agus (2). tíortha faoi leatrom sa Treas Domhan.

I dtaca leis an chéad cheann is fadhb í atá ag meadú i gcónaí i dtíortha éagsula ar fud na hEorpa agus Na Stáit Aontaithe. Tá níos mó daoine (agus a líonta ag fás i gcónaí) agus daoine óga go háirithe nach bhfeiceann aon ghá le reiligiún eagraithe.

Tá an scéal níos measa ar dhóighean-na ó thaobh an scéil sa Treas Domhan de. Dealraíonn sé go bhfuil na hEaspaig ag taobhú leis na rialtais atá ag imirt leatrom ar an chosmhuintir. Tá sé ina bhaol chruthanta anois go gcaillfidh an Eaglais a tréada sna tíortha seo de bhrí gur cosantóir na dtíoránach ag an gnáthphobal í. Tá sin aithnithe ag cuid mhaith de na sagairt de réir tuairiscí agus dá bharr sin agus de bharr a ngrá do na boicht agus na heasláin agus na daoine gan ghuth, tá cuid acu siúd ag dul isteach sna cnoic agus ag dul leis na treallchogaithe.

Abhus in Éirinn go mormhór an chuid thoir thuaidh dí, tá an dá fhadhb sin ós comhair na hEaglaise Caitlicí agus níl ag cur nath ar bith iontu.



● Ar ndóigh tá baol ann doibhsean ón Gluaiseacht sa mhéid is go nochtann Sinn Féin fírinnteacht na n-Easpag gan stad ná sos.

Tá foinse trioblóide don Eaglais sa chúlú eacnamaíochta agus tá sé seo fite fuaite sa dara fadhb mhór ós comhair na hEaglaise, daoine idir fhir is mhná atá fágtha gan dóchas toisc nach féidir leo obair fhiúntach d'aon saghas a fháil, tá siad sa deireadh thiar thall chun dóchas agus muinín san Eaglais a chailleadh. Ní nach ionadh; Domhnach tugtar seanmóir dóibh ag rá leo, ní hea ach ag bagairt orthu, faoi phian na dtintí sfóraí, gan chur in aghaidh an chórais.

Mar is soiléir tá baint mhór ag an phointe thuasluaite le Cogadh na Saoirse. Táchíonn an pobal leatrom, eagóir agus éagthroime. Teastaíonn uathu deireadh a chur leis an olcas seo, an aise atá dar scrios uile. Tuigeann siad nach n-éistear go réasúnta le guth na nDíshealbhadh. Is maith is eol dóibh gurb é an forneart amháin a thugann athrú ar shaol na mBocht. Déanann siad amach a ndícheall a dhéanamh ar son na saoirse, ar son an phobail agus ar son na nglún nár rugadh fós. Ansin cáinteann go fíochmhar iad ag an Eaglais Chaitliceach An aon ionadh é go mbeonn ceisteanna á gcur Domhnach is dálach fá dtaobh de dhearcadh na hEaglaise ar fhulaingt an phobail?

Dar liom, is í an phríomhcheist i dtaobh a bhfuil an Ciarlathas a dhéanamh ná cad é an ceannfath? Cothrom na féinne sa tír? Sábháil anamacha na nÓglach? Níl dul as i ndeireadh báire ach teacht ar an tuairim go bhfuil an Ciarlathas in Éirinn i láthair na huaire níos buartha faoina staid féin ná faoi staid an phobail.

Lena chois sin is soiléir nach fíor dá ráiteas faoin namhaid is mó ag an Eaglais nó nach bhfuil an scéal mionscrúdaithe i gceart acu. Má mhionscrúdaíonn siad an scéal ina iomláine agus má bhíonn siad macánta chomh maith admhóidh siad nach raibh an ceart acu agus gurbh é na Sasanaigh bheith i láthair sa tír an fadhb is mó, ní amháin acusan ach againn go léir




● Maurice Bishop, Priomh Aire, Grenada

Meirceá Láir -croí na réabhlóide

LE PÓL MacAOIDH

AR oileán beag sa Mhuir Chairib, Acógarach d'oileán na Tríonóide agus do chósta Veiniséala, tá 120,000 duine ag ceiliúradh ceithre bliana de shóisialachas i mbliana, agus tá fáth acu leis. Le linn an ama seo bhí fás eacnamaíochta ann níos mó ná áit ar bith ar an Domhan Thiar. Bhí leath des na daoine gan obair nuair a thosaigh an rialtas úr i 1979 agus anois níl ann ach 14.2% difhostaíochta. Táthar cleachta anois ar fud an domhain le gearradh siar ar chaithreamh airgid ach ní seo mar a tharla i Grenada, áit ina gcuireadh oid-eachas agus córas sláinte ar fáil do gach duine saor in aisce.



Chan amháin go raibh Maurice Bishop agus a rialtas ag streachailt le fadhbanna na tíre ach bhí siad, an t-am ar fad, faoi bhagairt ó na Stáit Aontaithe nach bhfuil ró-thugtha don dea-shampla seo a bheith comh cóngarach dá gcáirde sa cheantar sin. Tá siad buartha go spreagfar muintir na n-oileán eile lena leithéid eile a dhéanamh.


Tá, mar sin, obair ar bun ag Reagan le deireadh a chur leis an stát beag seo. Tá Grenada ceangailte, dar leis na Meiriceánaigh, le Cúba, agus deir Reagan nach bhfuil daonlathas agus cearta an duine le fáil ann.

Ag tabhairt freagra ar seo, dúirt Maurice Bishop nach raibh am ar bith ag an Rialtas do dhaonlathas na Stáit Aontaithe agus go mbíonn ar phobal na tíre páirt níos mó a ghlacadh i reachtáil na tíre ná vótáil gach ceithre bliana. I dtaca le cearta an duine de admhaíonn Bishop go gcaithfear seasamh daingean a ghlacadh in éadan iad siúd a bhfuil sé d'aidhm acu an réabhlóid a scrios agus an seansaol a thabhairt ar ais. Ba é toradh "an tseasamh dhaingin" seo ná gur coiníodh corradh le céad duine i bpríosún gan chúiseamh i 1981 ach ó shin scaoileadh saor an chuid is mó acu.

Níl amhras ar bith ar mhuintir an oileáin go bhfuil siad faoi fórbhagairt óna Stáit Aontaithe nó bhí cleachtadh cogaidh ag airm S.A.M. ar chósta Phórtó Ríce-ag cleachtadh don lá a dhéanfadh siad ionsaí ar an oileán in aice leis, Grenada!

SA chuid chéanna den domhan tá tír eile ann, Nicearagua a chonaic réabhlóid fán am a tharla sé i Grenada. Níl amhras ar mhuintir Nicearagua go bhfuil rialtas na Stáit Aontaithe, ag déanamh a ndíchill lucht tacaíochta an deachtóra Samoza, a chur ar ais i réim.

Tá sé breis agus fiche bliain ó rinneadh uachtarán de Fidel Castro agus san am sin nuair a ba mhian le S.A.M rialtas nach raibh cairdiúil go leor a leagadh ní raibh buaireamh ar bith orthu saighdiúirí a chur díreach isteach ach anois i ndiaidh leithéid "Bay of Pigs" agus cogadh Vietnam, go minic déantar cibé troid go rúnda agus go cúramach. Seo mar atá sé ag titim amach inniu. Nuair a ruaig na Sandinistas lucht Samoza i 1979 chuaigh siad go Honduras agus go Florida, áit a bhfuair siad traenáil le cur ar ais go Nicearagua faoi chúram an C.I.A. Tá an chuid is mó den troid i dTuaisceart na tíre agus níl amhras ar bith ann ná go bhfuil siad ag tabhairt trioblóide don rialtas ach níl contúirt mhór ann don stát féin go fóill agus ní bheidh mura bhfuil na Meiriceánaigh ábalta a gcuid saighdiúirí féin a chur



isteach. Mura dtarlaíonn sé ní bheidh fáth leis an chogadh ach le Nicearagua a choinneáil lag.

Ins an tSalvadóir fosta tá Rialtas S.A.M. ag iarraidh réabhlóid a chosc. Tá na Meiriceánaigh fágtha le droch-airm le traenáil agus is cuma cad é an t-airgead atá doirte isteach acu sa traenáil seo níl trodaithe acu atá chomh héifeachtach lena gcuid saighdiúirí féin. Mar sin tá seift úr leagtha amach, "an ceann deireanach", a deir siad, go neamhoifigiúil.

Tá siad ag brath níos mó ná deich míle saighdiúir de chuid Rialtas na Salvadóire a chur go ceantracha atá i seilbh na n-eadarnaithe in lathar na tíre. I ndiaidh na headarnaithe a chuartú amach agus a scrios rachaidh an dara cuid den pleán i bhfeidhm agus tosóidh an Rialtas ag tógáil bóithre, tithe agus

droichid. Roinnfidh siad an talamh idir mhuintir na tíre agus cuirfidh siad córais leictreachais, uisce, oideachas agus sláinte ag obair ins na ceantracha.

Tá an pleán seo bunaithe ar sheanseift darbh ainm "CORDS", a bhí ag na Meiriceánaigh i Vietnam nuair a tugadh amach "miracle rice" do na feirmeoirí le linn dóibh ionsaí mór a dhéanamh ar an Viet Cong. Tá siad den bharúil gur bhain siad an t-am sin ach tá amhras ann an bhfuil sé fóirsteanach don chogadh ins an tSalvadóir. Beidh sé ag brath ar shaighdiúirí na Salvadóire ag clof leis na hórdaithe agus in áit scrios agus slad a dhéanamh ar fud ceantar na n-eadarnaithe caithfidh siad cuidiú a thabhairt lena thógáil agus lena fhorbairt. Níl fianaise ar bith ann, áfach, go dtig leis na Meiriceánaigh bheith ag brath orthu sin a dhéanamh agus, leoga, cuid mhór fianaise dá mhalairt

Scanall na logainmneacha

LE MÁIRE BHUÍ NÍ LAOGHAIRE

TÁ roinnt Gaeilgeoirí ann a chosnaíonn an Saorstát mar stát Éireannach ach tá sé le feiceáil go rí-shoiléir nach bhfuil ann ach neochóilíneacht. Ró-éasca atá sé teacht ar an bhfianaise. Ní gá ach breathnú thart, go mór mór ar na logainmneacha. Mar shampla, tá "Blacklion" (Co. an Chabháin) a bhuanú ag an Saorstát. "Bealach Laighean" is ceart.

Bhí neart cuairteoirí mí-thaitneamha againn in Éirinn agus ina measc — Lochlannaigh, Normannaigh agus Sasanaigh. Thug na Lochlannaigh "Howth" mar ainm ar Bheann Eadair. "Cuan" a chiallaíonn "Howth", mar Hove sa Bhéarla. Sin tuairim amháin. Deirtear gur ainmníodh an áit in omós do thaoiseach de chuid na Tuatha Dé Danann Eadar, mac le Edgaeth, nó ó Eadar, bean le Gann, duine den chúigear dearthaireacha, Fírbolgacha a roinn Éire eatarthu. Sin mar atá an scéal ag Joyce (Irish Names of Places).

Ciallaíonn "Howth" — "Hoved" — cloigeann, (as Hoved sa Lochlannais). Tá an t-ainm sin fós á úsáid ag an Saorstát, in ionad cloí leis an bhfoirm atá againn ó thúis aimsire.

I dtús ama níor theastaigh ó na Gaill na logainmneacha a ghalldú mar bhí an Ghaeilge ró-láidir agus thuigeadar nach bhféadfaidís é a dhéanamh. Bhíodar sásta iarracht a dhéanamh chun fuaim na bhfocal a choinneáil, mar a bhí sí ag muintir na háite. Litríodh na focla sin, ar ndóigh, de réir nós an Bhéarla. Scaití theip glan orthu agus athraíodh 'R' go 'L' i go leor focal.

Ní ró-fhada ó Bhaile Átha Cliath atá áit darb ainm "Baile-a-ridire", atá truaillithe go dtí "Balrothery". An amhlaidh a chiallaíonn sin rud ar bith i mBéarla? Faic na fríde. Ach tá sé á úsáid ag údaráis na tíre seo i gcoitinn agus ní dhearna aon rialtas i mB.A.C. aon iarracht chun leaganacha truaillithe a ligeann in éag agus na leaganacha dúchasacha a úsáid ina n-ionad.

Tá baile beag i Luimneach agus



"Ballyagran" a thugtar air. Is í bunbhrí an fhocail, Béal Átha Grean, a deir Joyce "the ford mouth of the gravel". Níl an t-eolas seo ag mórán des na daoine ach níl iomlán an loicht orthu ach ar na húdaráis a choinníonn formhór na ndaoine in aineolas faoi dhúchas a dtír féin.

MHEAS mise i gcónaí gur ón éan úd de chuid na miteolaíochta, Féinics a tháinig "Phoenix Park" mar logainm i mBéarla ar an bpairc is mó de chuid na hardchathrach ach níl sa bhFéinics (nó Phoenix) úd ach truaillíú ar an "fionnuisge", ('clear or limpid water', a mhíníonn Joyce). Rinneadh an seachmhall a mhaisiú nuair a chuir an t-Iarla Chesterfield sa bhl. 1745 gallán taobh leis an tobar, (dar le Joyce) agus an Féinics le feiceáil ar a bharr ag éirí óna chuid luaithe.


Níl aon ghanntanas ar thruaillíú na logainmneacha. Gach áit, mar shampla, ina bhfuil "Batter" san ainm (i.e. "Stony-

batter") "bóthar" atá i gceist. Léiríonn Brian Freil ina dhráma "Translations" amaidí agus aineolas na Sasanach sna cúrsaí seo go rí-mhaith.

"Wicklow", "Dalkey", "Wexford", ainmneacha Lochlannach iad seo uilig, atá fós á n-úsáid againn in ionad na leaganacha atá againn ón gCianainsir: Cill Mantáin, Deilginis agus Loch Garman.

Ní hamháin go bhfuil an meon Gallda a bhuanú ag an Saorstát ach ag cumadh logainmneacha nua atá siad! Cuir i gcás Co. Laoise. "Co. Laois" a deir na húdaráis is ceart agus "Béarla" i gceist. Ach tá dearmad déanta acu ar Phort Laoise a bhfuil an ginideach slán ann.

Sna heastáit nua atá á dtógáil ag na Bárdais níl fiú na hainmneacha Gaeilge scríofa. Níl againn ach Béarla amháin. Sin mar atá i mo cheantar fhéin, áit ina bhfuil eastáit nua-thógtha le cúpla bliain anuas agus bhí géarghá leo. Táimid go fóill inár gcónaí is ag maireachtáil agus muid plúchta ar réim an Bhéarla, í brúite orainn ag na húdaráis. Ach rud é sin a thárlaíonn i ngach neochóilíneacht.



● Leagan Gaeilge d'ainm na sráide curtha in airde ag Roinn an Chultúir de Shinn Féin

Roinn an Chultúir

BUNAÍODH Roinn an Chultúir i 1981 agus í mar aidhm aici cultúr agus teanga na hÉireann a chur chun cinn i measc an phobail go ginearálta agus go háirithe i measc baill de Ghluaiseacht na Poblachta.

Bhí sé i gceist i dtosach Coiste Náisiúnta a bhunú a mbeadh ionadaithe ó ghach aird den dtír air, ach toisc deacrachtaí taistil agus mar sin de is amhlaidh a d'fhás craobhacha a oibríonn cuíosach neamhspleách ar a chéile i gcodanna deifriúil den dtír. Tá craobhacha i nDoire, i mBéal Feirste, i gContae Phortláirge, i mBaile Átha Cliath, san Cheis Fhada agus i bPortlaoise.

Tá sár obair ar siúl sna príosúin agus teangmháil maith idir iad agus ceanncheathrú na Roinne i mBaile Átha Cliath. Bunaíodh Gaeltacht i gCarcair Phortlaoise a bhfuil timpeall 20 fear páirteach inti, agus táthar ag leanúint leis na ranganna Gaeilge a bhfuil ard-thoradh le feiscint orthu.



● Áine Nic Mhurchadaha

De bharr a n-iarachtaí anuraidh thugadar leo Trófaí Roibeard Emmett, a bhronnann Roinn an Chultúir ar

an gCraobh de Shinn Féin is mó a chuireann chun cinn cultúr agus teanga na tíre le linn na bliana.

An bhliain roimhe sinn b'iad Craobh na Ceise Fada a thug leo an duais, ainneoin deacrachtaí millteacha. I rith na hógóide agus na stailce ocrais bhí gach saghas leabhar agus ádhbhar scríbhneoireachta coiscthe orthu agus mar sin féin chleachtadar agus mhúineadar agus d'fhoghlaimíodar an teanga.

Ach ní leis an teanga amháin a bhí deacrachtaí acu. Deineadh iarracht na cluichí Gaelacha a chur faoi chois agus nuair a dheineadar iarracht ar iarratas a chuir isteach ar chomórtas Ghlór na nGael, chuir Cumann na Sagart gach bac orthu. Níor glacadh lena n-iaratas go fóill ainneoin gearáin ó Roinn an Chultúir, ó Chonradh na Gaeilge agus ó an-chuid des na hiarratasóirí eile.

ImBéal Feirste tá feachtas ar siúl chun ainmneacha sráide a shóinséail go Gaeilge, agus an-iaracht a dhéanamh le ranganna. Bíonn a gcuid imeachtaí cultúrdha féin ar siúl acu, agus chomh maith leis sin tá cabhair airgeadais tugtha ag Roinn an Chultúir do scoil Ghaelach Bhéal Feirste i mBóthar Seoighe.

I nDoire tá comharthaí Gaeilge le feiscint timpeall na cathrach agus deirtear linn gur gairid go mbeidh a thuilleadh. Chomh maith leis sin tá seomra ag an Roinn in Oifigí Shinn Féin i gCable St. Tá naoíra bunaithe agus Scoil Gaelach le tosú ann go luath.

I bPortláirge, áit a bhfuil craobh de Shinn Féin sa Ghaeltacht, tá antacáíocht á thabhairt do fheachtais difriúla ar son na Gaeilge — go háirithe ó thaobh cásanna cúirte. Tá postaeirí eisithe leis acu, ar staid na teangan anois i gcompráid le mar a bhí sí sa chéad deirneach.

Tríd is tríd, cé gur obair mhall é, tá dul chun cinn á dhéanamh ag Roinn an Chultúir. Tá imeachtaí — ranganna Gaeilge, Céilí agus margadh saothair — ar siúl ó am go ham i mBaile Átha Cliath agus i gceantracha áirithe den chathair spreagadh roinnt mhaith baill de Shinn Féin chun dian-chúrsaí Gaeilge a dhéanamh, agus tá teangmháil maith ann leis na heagraíochtaí cultúrdha eile.

Toisc cogadh a bheith a throid i láthair na huair, is cinnte nach bhfuil an méid ama le sparáil ag baill den nGluaiseacht chun teanga, ceol agus araile a fhoghlaim, ach mar sin féin más féidir le Roinn an Chultúir spiorad Gaelach a choimeád beo agus ag dul chun cinn, beidh obair fhiúntach ar siúl.

Féilire d'imeachtaí Gaelacha

Lúnasa — Deireadh Fómhair

LÚNASA

4–19 Taispeántas Ealaíne an Oireachtais
— Halla Taispeántais Bhanc na hÉireann
Sráid Bhagóid, B.Á.C. 2

19–21 Éigse P.J. McCall

— Ráth Iomdháin, Co. Loch Garman

20–27 Daonscoil na Mumhan

— Coláiste na Rinne, Port Láirge

22–28 Scoil Shamhraidh Merriman

— Leacht Uí Chonchuir, Co. an Chláir

21–26 Scoil Éigse

— Cill Chainnigh

25 — 29 5iú Féile idirnáisiúnta Pobail

— Leitir Ceanainn

26–29 Fleadh Cheoil na hÉireann

— Cill Chainnigh

27 Tóstal na bhFiann

— Ionad Pobail, Cluain Dolcáin

28 Siúlóid

— Ó Faiche Stiabhna go Scoil Lorcáin

MEÁN FÓMHAIR

3–4 Cruinniú Cinn bhliana an Chonartha Cheiltigh

— An Chóirbhreatain

9 — 29 Taispeántas Ealaíne an Oireachtais

— Ionad Ealaíne Belltable, Luimneach

23–25 Campa Dheireadh Seachtaine

— Mám an Bhealaigh, Co Chill Mhantáin

28 Cruinniú Iardhaltaí Choláiste na bhFiann

— Club na bhFiann

DEIREADH FÓMHAIR

21–30 An t-Oireachtas 1983

— An Cheathrú Rua

Príomh Imeachtaí na Féile

Aoine (21) Fáiltiú an Oireachtais

Satharn (22) Comórtas na gCór

Domhnach (23) Léacht an Oireachtais

Luan (24) Oíche Dhrámaíochta

Máirt (25) Ceolchoirm Ghaeltachta


Céadaoin (26) Ceolchoirm an Oireachtais

Déardaoin (27) Comórtas Scoraíochta

Aoine (28) Sean-Nós (mná)

Satharn (29) Sean-Nós (fir)

Domhnach (30) Sean-Nós (Corn Uí Riada)





Taispeántas Ealaíne an Oireachtais

(Thuas) Sean Tabhairne, Gleann an Aontaigh le Taylor Carson, RHA saothar in ola. (Ar dheis) Radharc ar an dTaispeántas féin. (Barr an leathanaigh eile) Páistí ag súgradh le Séamus MacCárthaigh i gcré umha. (Thíos) Cailín ar strae le Bríd Ní Rinn i gcré umha.

Sléacht Dhroim Both

LE RUAIRÍ Ó DÓNAILL

GERRY ADAMS a thug an óráid i mblíana ag cuimhneachán thrí scór bliain Dhroim Both agus tháinig scaifte mór go Srath an Urlair le onóir a thabhairt don cheathrar óglach calma sin ar chuir na Státairí chun báis i 1923: Cathal Ó Dálaigh, Timlín Ó Súilleabháin agus Dónal Mac Ionraic as Ciarraí agus Seán Ó Lorcáin as An Lúb, Muine Mór, Co. Dhoire.

Duine de theaghlach Uí Dhálaigh, as Na Foidhrí, Cill Áirne, a raibh dlúthbhaint acu ariamh le Sinn Féin agus le Gluaiseacht na Poblachta, ab ea Cathal. I 1920 chuaigh sé go Baile Átha Cliath le páirt a ghlacadh in obair na hardchomhairle de chuid Óglaigh na hÉireann agus b'amhlaidh a chuir Cathal Brughá go Tír Eoghain ar dtús é le colúin reatha a eagrú ar fud Uladh.

Go gearr ina dhiaidh sin a chuaigh an Súilleabhánach, as Lios Tuathail, agus Mac Ionraic, ó thuaidh le cabhrú leis na cairde.

Chaith an Dálach tamall i bpríosún ach nuair a síníodh an feall (i. géilleadh do mhian na Sasana) chuaigh sé ó thuaidh arís agus ba é a bhí i gceannas ar an Tarna Rannán Tuisceartach de chuid Óglaigh na hÉireann.

Ba shin an áit a bhuaill sé ar Sheán Ó Lorcáin as paróiste Bhaile an Doire cóngarach do Loch nEachach ar theorainn Cho. Dhoire agus Co. Thír Eoghain.

Maidir le Seán Ó Lorcáin d'fhreastail sé ar Scoil Bhaile Leifir. Tar éis dó an scoil a fhágáil céard a rinne sé ach dhul isteach sna hÓglaigh i 1914, i gcuideachta a dhearthár, Tomás.

Bhí an bheirt acu ar a mbealach go dtí Oileán an Ghuail nuair a tháinig an t-ordú mí-ádhmharach sin ó Eoghan Mac Néill, Domhnach na Cásca, 1916.

I 1920 tháinig na péas le breith ar Thomas Ó Lorcáin. Rugadar ar Sheán agus chaitheadar isteach i bPríosún na Croimghlinne é. Cuireadh Tomás síos tamall ina dhiaidh sin agus uaidh sin go dtí an Argenta, an long ar dearnadh cair di.

Chaith Seán tamall i bPríosún Mhoinsioighe fosta, an áit a ndeachaigh sé fhéin agus scaifte eile ar stailc ocras. Nuair a ligeadh saor é chuaigh sé go dtí tuisceart Shasana, áit ar bhunaigh sé complacht de chuid na nÓglach i measc na n-oibrithe. Tháinig sé ar ais go



●Cuimhneachán Dhroim Both 1983

díreach sul ar síníodh an feall.

Bhí sé i gcónaí in aghaidh sin ach bhí sé meallta nuair a chuaigh sé go dtí Baile Átha Cliath agus nuair a cuireadh in iúl dó go raibh a cháirde i nDoire tar éis glacadh leis trí ghealltanaisí bréagacha.

Tháinig sé ar ais leis fhéin go Dúthaigh Uí Chatháin agus chuaigh trasna na teorainn go dtí Tír Chonail, go ndeachaigh sé isteach sa cholún reatha a bhí faoi cheannas Chathail Uí Dhálaigh, fear a throid go bás.

SCRÍOBH Seán Ó Lorcáin litreacha go leor abhaile chuig a mháthair agus a dheirfiúrachacha sul ar chaith saighdiúirí an Stáit mar bheadh mada é i gcuideachta Chathail Uí Dhálaigh, Timlín Uí Shúilleabháin agus Dhónail Mhic Ionraic i gCaisleán Droimbó, mí na Márta, 1923.

Tá cuid de na litreacha sin coscathach go maith, an t-ógfhear uasal seo ag fanacht lena bhás agus a bhraithre Gael ag ullmhú a gcuid piléar len é a chaitheamh; é ag smaoitiú go truacánta ar a mháthair chaoin agus ar a dheirfiúrachacha ar bhuach na Banna i gCo. Dhoire, ach bród ar a chroígur ar son na hÉireann a gheobhadh sé bás.

Ní dhéanfaidh cine Gael dearmad a choíche faoin mbrúidiúlacht úd i nDroim Both. Tugadh corp an Lorcánaigh ó Áth Luain go dtí an teorainn i nDoire, an áit ar tugadh go teach pobail sa chathair sin é sul ar tugadh go tuisceart Dhoire é le hadhlacadh i Reilig na Lúibe.

I nDoire chuaigh na Speisialaigh isteach sa séipéal gur cheistigh siad lucht an tórraimh.

I mBealach Féidhe chuaigh na mílte leis an laoch a fheiceáil faoi chumhdach an Trídhath.

Ag geafta Dhruim Both a stop siad agus dúirt Seán Bán Mac Meanman, an scríbhneoir clúiteach, an paidrín i nGaeilge. Bhí Mícheál Mac Fhionnlaoch sa chathaoir agus thug Seosamh Mac Grianna, scríbhneoir clúiteach eile as Rann na Feirste agus duine de theaghlach a sheas an fód ar son na saoirse na blianta achannacha sin, óráid uaidh.

Ní raibh sé i bhfad amach as Príosún Dhroichead Nua faoin am seo. Seo a leanas mar a chríochnaigh sé:


"While the Finn and the Swilly continue to flow,

That stain will remain on the woods of Drumboe."


Bíodh sin mar atá ní dhearn bunadh Thír Chonail dearmad ariamh de fhir chalma Dhroim Both agus na blianta deireannacha thug Poblachtóirí móra, agus ina measc Ruairí Ó Brádaigh, Dáithí Ó Conail, Seamas Ó Tuama, Seán Ó Cianáin, Liam Hanaway agus mórán eile, óráide ag an cuimhneachán bliantúil.

Ar na daoine a bhí páirteach ar an ardán i mblíana, trí scór bliain i ndiaidh an uafáis, bhí cathaoirleach Shinn Féin, Padraig Ó Dochartaigh, as Carraig Airt, Sórcha Nic Giolla Sheanaigh, Antóin Mac Daibhéid as Leifear agus Seán Ó Dónaill as Rann na Feirste agus Seosamh Ó Néill as Bundobhráin

Cás cúirte an
chéid - agus an
dráma Réidh le
boirseacht...



CIONTACH
naoi gcéad
bliain an
duine



gabh mo
leithscéil
m'uid - an
Fhianaise
ar tús
agus ansin
an
bhreithiúnas

agus thosaigh an
seanchaí ar a scéal



lá dena
laethibh.


agus mar sin a lean an
dráma go dtí an acht
deireannach...



caithfidh mé
tabhairt faoi
deara an
contúirt atá
ann glacadh
lé focal
duine
amháin
ach..



Níl amhras ar
bith orm go
bhfuil blas na
Fírinne ann.
Sé an scéalaí
is ionraice
dá gcuála
mé
ariamh



agus ar
ndóighe an
duine is
mó díolta
as



Níl sin
ara
script



Níl le deanamh agam
anois ach
a rá go
bhfuil
samhnas
deistín
agus
uafas
orm...



.... agus
CIONTACH a
screadaigh
amach



ach an duifir
idir aisteoir
agus sár aisteoir...

Tá tú ciontach as an
dóichead cúis a cuireadh
síos duit

ach ó thaobh
na cúiseanna
eile ní fhaca
mé go raibh
goleor
Fianaise ann...

"An Leacht Nár Tógadh" Séamas Ó Conghaile, Coiscéim 1982. 216 leath. Luach: £3.00.

Cogadh na saoirse i gConamara

LE DÓNALL Ó DUFAIGH

BÍONN fáilte ar leith ag Gaeilgeoirí na tíre roimh úrscéal nua ón Ghaeltacht agus tá sin acu anseo, úrscéal soléite i nGaeilge bhrea nádúrtha Chonamara. Mar Ultach, gheibhim blas speisialta air mar tá saibhreas sna cora cainte atá rud beag strainséartha agam.



Rugadh an t-údar, muinteoir cheard-scoile atá amuigh ar an phinsean anois, ar an Tulach i gCois Fharraige sa bhliain 1907 agus, cé go bhfuil scéalta eile scríofa aige, is é seo an chéad saothar leis a foilsíodh go dtí seo. Is oth liom a rá go bhfuil cuid de chiotail na chéad iarrachta le brath air, ach ina dhiaidh sin is uile is fiú go mór é a léamh.

Is corraitheach an tréimhse i Cogadh na nDúchrónach i stair ár dtíre agus sílim go bhfuil atmasféar na tréimhse, agus na háite, go maith ag Séamas Ó Conghaile. Chí muid Cogadh na Saoirse ag dul ar aghaidh agus san am chéanna tá gnáthshaol na tuaithe ós ár gcomhair: fir ag plé le cogaíocht bomaite amháin agus ag tabhairt feamainne ón fharraige, nó ag fanacht le bó acu atá le breith, bomaite eile.

Ach níl eachtraí an scéil agus gnáthshaol na ndaoine nasctha le chéile mar is ceart. Síleann an t-údar go mbeadh suim ag na léitheoirí i léargas a fháil ar shaol sóisialta na linne i gConamara agus tugann sé cuntas dúinn ar thógáil feamainne nó ar lucht déanta poitín. Ach ní de dhlúth agus d'inneach an scéil na rudaí seo, agus, ar shlí, cailleann sé léim an dá bhrúach mar cuireann na cuntais seo isteach ar luas agus ar theannas an phlota.

Agus seo an lucht is mó ar an leabhar mar úrscéal: níl go leor teannais ann; tá an struchtúr i bhfad ró-scaoilte. Síos go dtí caibidil a seacht, tá na caibidlí níos cosúla le sceitseanna a bheadh ar iris-leabhar ná rud ar bith eile agus tá caibidil amháin "Breitheamh Shinn Féin" nach bhfuil baint dá laghad aici leis an scéal.

TÁ stíl dheas réidh ag an údar, tá an comhrá brea nádúrtha, ach is beag ceangail atá idir na



● Fir ag plé le cogaíocht bomaite amháin agus ag tabhairt feamainne ón fharraige nó ag fanacht le bó acu atá le breith, bomaite eile

caibidlí. Don chuid is mó ní fhaighimse blas ar bith ar na hiarrachtaí grinn atá ann, agus nuair a bhíonn na hÓglaigh ag iarraidh bheith ag déanamh grinn le chéile, mar shampla, chítear dom go mbíonn sé tur go maith, agus bíonn áthas orm nuair a deir duine, rud éigin cosúil le, "seo, ní tráth grinn é."

Bhí an léitheoir seo den bharúil sin ó thosaigh siad ar an ghreann. Tarr-

aingíonn sé corrscéilín grinn isteach a chuala muid uilig go minic roimhe, ach caithfidh mé a admháil gur bhain sé gáire asam nuair a dúirt Óglach amháin leis an duine eile agus iad fliuch báite ag teitheadh fríd na portaigh: "Cuirfidh cosa fliucha deireadh linr suls mbeidh an trioblóid seo thart, tá faitíos orm."

Sa dara leath den leabhar tosaíonn gréasán an scéil ag teacht le chéile rud beag. Tá ionsaí ar stáisiún na mairnéalach agus luíochán ar na Dúchrónaigh. Ach an príomh-scéal: "Cé hiad na spíodóir?" atá in ainm a bheith ár gcoinneáil ar bís, ní dhéanann sé sin ar chor ar bith. An áit i gcaibidil a haon in a n-abrann Pat a'tSiopa fán fhochaiftín shóisearach a toghadh, "is mac le Bálleach é agus ní chuireann daoine trust i mac le Bálleach, bíodh an ceart acu nó ná bíodh," tá barúil láidir ag an léitheoir gurb é seo spíodóir na háite agus beagnach gach uair a luaitear é ina dhiaidh sin, cuirtear 'Mac an Bháille' nó 'Mac an Stíobhaird' lena ainm.

Táimid in amhras fá 'Vicky' fosta, ón chéad uair a bhuaileann muid leis, gurb é seo an spíodóir ón taobh amuigh agus nuair a chaitheann Jack, an I.O. caibidil iomlán ag iarraidh fáil amach, an spíodóir Pat Seoighe, fear an phoist, tá an léitheoir beagnach cinnte ón tús go bhfuil sé ag cur a ama féin agus am s'againne amú. Chan amháin sin, ach éiríonn sé soiléir go measartha luath gur Óglach eile é Pat.

Is é an toradh a bíos air seo uilig, nach mbíonn an léitheoir ar bís le fáil amach, am ar bith. Agus ansin tugtar míniú cineál soineanta dúinn, nach bhfuil a dhith ar chor ar bith, an cineál ruda a fhaightear i scannáin atá dírithe ar pháisti: *Nár mhaith a d'imir Sparkes a chártaí leis, an fad seo, agus a rá, nach raibh fiú agus amhras againn air.*

Tá éagsúlacht éigin sna carachtair — Pat a'tSiopa, nach fear gaimbín amach is amach é, an sagart paróiste atá creaciaílte, Páidín Mhaidhce atá leibideach ar dhóigheanna, ach láidir, cróga, idéalaióch san am chéanna.

Tá cruth deas ar an leabhar agus é críochnaithe go slachtmhar. Tá sé saor go leor ar £3.00 Ceannaigh é agus léigh é

Maraíodh Seán Sabhat aréir

Le Críostóir Ó Floinn
tógtha ón leabhar Maraíodh Seán Sabhat Aréir
le Mainchín Seoighe

Casfad murlán an raidió go gcloisfead nuacht an lae,
A dúras, ar nós cuma liom, óir is nós leamh againn é
Leathchluas a thabhairt don ghlor sin le linn
chomhrá an tae.

Agus dúirt glór an raidió:

'Maraíodh Seán Sabhat aréir.'

Is mó rud a chualas ó shin:

Caoga míle Gael ag siúl sa tsochraid,
Ógfhear ag óráidíocht ag ceann an tslua,
Ceol na laoch sa reilig ag na stocairí;
Do mháthair, a Sheáin, do do chaoineadh
Ag béal na huagha.

Ina dhiaidh sin arís chualas

'Taoiseach na hÉireann,'

Gan focal Gaeilge aige,

Á rá gurbh amaideach an mhaise duitse

Dul ó thuaidh agus gunna agat

Ag fógairt don domhan mór

Go bhfuil an cúigiú cuid

Den tír seo na hÉireann

Fé mheirge Shasana,

Ach go bhfuil fir fhoirtile

Fós ar shliocht na laochra

Ná fuil sásta suí thart

Ag caint is ag tnúth

Leis an lá breá gréine buí

Nuair a dhéanfaidh

Geal den dubh.

Maise, a Sheáin, bhí miongháire mealltach agat,
Agus dhéanfa é ach *'Taoiseach na hÉireann'* a
chlos:

'Good-night!' ar seiseann le pobal na tíre.

'Ní ionann Éire dúinn,' a déarfá go sêimh.

Chualas leis go ndúirt daoine

Gur peaca marfach é

Don té a dhéanann

A ndearna tusa.



Maise, a Sheáin, a naomhchroí,
Is mór an trua ná raibh aithne
Ag na daoine maithe sin ortsá.

Cad tá romham le cloisint
Le linn chomhrá an tae
Nuair a chasfad murlán an raidió?
Beidh an glór ar na seanfhoinn,
Na polaiteoirí ag plé
Le seo, siúd is sin:
An saol mar a bhí,
Gan ach leathchluas orainn
Do raiméis úr an lae.
Bíodh sin mar a bheidh:
Cuimhneoidh cine Gael
Go ndúirt an glór sin linn:
'Maraíodh Seán Sabhat aréir.'



Óró, sé do bheatha 'bhaile!

— Pádraig MacPiarais

Curfá:

ORÓ! sé do bheatha 'bhaile!
Óró! sé do bheatha 'bhaile!
Óró! sé do bheatha 'bhaile!
Anois ar theacht an tsamhraidh.

Sé do bheatha! a bhean ba léanmhar!
B'é ar gcreach tú bheith i ngéibheann,
Do dhúiche bhreá i seilbh méirleach
'S tú díolta leis na Gallaibh.

Curfá

Tá Gráinne Mhaol ag teacht thar sáile,
Óglaigh armtha léi mar gharda;
Gaeil iad féin 's ní Gaill ná Spáinnigh,
'S cuirfid ruaig ar Ghallaibh.

Curfá

A bhuí le Rí na bhfeart go bhfeiceam,
Muna mbéam beo 'na dhiaidh ach seachtain
Gráinne Mhaol agus míle gaiscíoch
Ag fógart fáin ar Ghallaibh.

Curfá



An trucailín donn

LA aonaigh san earrach 's mé ag taisteal go triopallach,
Trasna an droichid i Muileann na hAbhann,
Sea chonaic mé bobby gurbh ainm do Thingyme
A's é ag druidim 'mo choinne go teann.

Curfá:

Agus óró bog liom í, bog liom í, bog liom í,
Óró bog liom í an trucailín donn
Óró bog liom í, druid liom í, corraigh í,
Óró bog liom í an trucailín donn.

Ba ghairid go bhfaca mé asal a's trucail bheag,
Chugainn ar a shodar faoi Mhícheál an gabha
Siúd leis an Bobby "This cart has no signature
Only a lingo I cannot make out.

Curfá

"Your name my good man, and answered right quickly now."
"Amharc ar an trucail an bhfuileann tú dall?
Tá m'ainmse breacaithe i dteanga a thuigimse,
Agus fógraim thusa go hlfreann lom."

Curfá

Ten shillings with costs or a fortnight's imprisonment.
Next on the list. Take this reprobate down."
"Cuirtear faoi ghlasa mé feasta a ghlagaire,
Pingin de m' sheilbh ní fheicfidh sibh ann."

Curfá

Níl trucail gan ainm breá lacanta legible
Gaeilg' le feiceáil i Muileann na hAbhann,
Agus ceardaithe an bhaile sea thugaid ar Thingyme
Fós ná Trucailín Mhíchil an Gabha.



CABHRAIGH LEIS NA PRÍOSÚNAIGH

TACAIGH LEIS

AN CUMANN CABHRACH

Cuir síntiúisí, fiosrúcháin agus tairiscintí cabhrach chuig:

An Rúnaí,
An Coiste Lárnach,
An Cumann Cabhrach,
F/ch 44 Cearnóg Pharnell, Baile Átha
Cliath 1.

Teileafón 747611 nó 726932.




agus CROIS GLAS

Cuir síntiúisí, fiosrúcháin agus tairiscintí cabhrach chuig:

An Rúnaí,
Crois Glas '73,
11a Bóthar Pairc an Earraigh,
Béal Feirste.

Teileafón 229635.

**Tá an Béarla
mar theanga acu seo**



Cén teanga atá agat-sa?